



COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Plean Forbartha Straitéisí 2018–2022



Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann © 2018
45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath
Do2 VY6o
Éire
www.irishmanuscripts.ie

Luaigh an doiciméad mar seo a leanas:
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, Plean Forbartha Straitéisí, 2018–2022

Deartha ag David Hayes & Associates
Graphic Design Consultants: davidhayesdesign@gmail.com

Priontáilte ag Impress Printing Works: info@impress.ie





COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN

Plean Forbartha Straitéisí

2018–2022


ROINN AN DAÓTARÁIN
 SRÁID NUÍSTÉAN UAG
 BAILE ÁTA OILEAT
 DUBLIN

Mr. Tolson ✓
 Mr. Neil
 Probst
 Dr. McCaffrey
 Butler
 J. J. Hogan
 Best and associates

An instruction was issued to Dr. MacNeill regarding the team of reference film + a prepared personnel. The names on this list were suggested as suitable. Dr. MacNeill remarks the matter might then be secured and having reached your attention - the subcom. report to the S.C.

Bygn
 Tom F. O'Reilly
 Dondue
 Small
 Hogan

Agur Capurineso,
 Sa-Scrubscap.
 Capcaaj.



ST BONAVENTURE,
 CAPUCHIN HOSTEL,
 COBK.

Dear Miss Brereton,
 November 22, 1946.

I have been told by Prof. Hogan to request you to return me the article I submitted recently to the Commission and also the photographs that accompanied it. There are some alterations to be made in the article before I pass it for press.

Prof. Hogan also made known to me the decision of the Commission to present to the Archivio Storico in Milan a set of volumes of the Commentarius to replace the original which has unfortunately perished. I feel grateful to the Commission for their graceful and generous action at the instance of Prof. Hogan.

The name and address of the Director of the Archivio, who is a lady, are:

Signorina Dottore C. Santero,
 Archivio Storico Civico & Trivulziana,
 Castello Sforzesco,
 Milano.

With all good wishes,
 Sincerely yours,
 Fr. Stanislaus, O.F.M. Cap.

Clár Ábhair

4 Réamhrá

6 Ag féachaint ar aghaidh

FÍS

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 2018–2022

8 Mar fhoilsitheoir

PRÍOMHFHOILSITHEOIR ÁBHAR BHUNFHOINSE AR STAIR NA hÉIREANN
AGUS A MUINTIR

CUSPÓIR

CLÁR FOILSIÚCHÁIN 2018–2022

DEICH mBLIANA NA gCUIMHNEACHÁN

FOINSIÚ ÁBHAIR LE FOILSIÚ

TOSAÍOCHTAÍ FOILSITHEOIREACHTA A BHUNÚ: MEICNÍOCHT UM
RIALÚ AIRGEADAIS

FOILSIÚCHÁIN CLÉ A CHUR CHUN CINN

CLÁR FOILSIÚCHÁIN 2018–2022

12 Mar chomhpháirtí comhoibríoch

13 Mar chomhairleoir

14 Mar thionscnóir feasachta

15 Mar thacadóir do thionscnaimh digiteacha

17 Torthaí 2012–2016

20 Cairt eagraíochta

Réamhrá



Tá páirt fíor-riachtanach ag COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA hÉIREANN (CLÉ) mar fhoilsitheoir aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta um bunfhoinsí na hÉirinn ag am nuair atá rochtain domhanda ag staidéir na hÉireann agus iad fiú mar chuid de spéis níos leithne i gcomhthéacs stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus a muintir. Tá clár oibre CLÉ bunaithe ar phrionsabail ábhair bhunfhoinsí — maidir le húinéireacht phríobháideach agus phoiblí — a eisiúint, a chaomhnú agus a chur chun cinn do stair agus oidhreacht chultúrtha na hÉireann agus a muintir uilig.



Ó bunaíodh é i 1928 tá tuairisciú déanta ag CLÉ ar lámhscríbhinní agus páipéir atá suimiúil go ginearálta agus ó thaobh litríochta agus staire na hÉireann de agus tá comhairle tugtha maidir le lámhscríbhinní agus páipéir a chaomhnú agus a fhoilsiú. Is é mar fhoilsitheoir i gcló agus go digiteach atá a phríomhchuspóir maidir le heagráin, lámhscríbhinní agus saothair- as-cló atá suntasach ó thaobh na staire agus cúrsaí cultúrtha de.

Braitheann CLÉ ar a dheontas ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, in éineacht le teacht isteach óna chuid foilsiúchán. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go bhfuil ballraíocht den Choimisiún déanta suas de stairithe gníomhacha tógtha ó ollscoileanna ar fud na hÉireann, chomh maith le cartlannaithe, leabharlannaithe agus ginealeolaithe. Suíonn stiúrthóir Oifig na dTaiscead Poiblí Tuaisceart Éireann ar an gCoimisiún mar is amhlaidh do stiúrthóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Chartlann Náisiúnta na hÉireann. Ní fhaigheann na baill aon íocaíocht as a gcion tairbhe fíor-riachtanach do bhainistíocht agus athbhreithniú foilsiúchán; gan an cur chuige neamhleithleach seo uathu níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a chlár oibre a chomhlíonadh. Tá an traidisiún seo seirbhíse do scoláireacht agus don stát araon á chomhlíonadh ón am a shínigh an tUachtarán W. T. Cosgrave barántas ainmniúcháin an Choimisiúin ar an 10 Deireadh Fómhair 1928.

Ag oibriú laistigh de srianta airgeadais le deich mbliana anuas, comhlíonann CLÉ a chlár oibre go héifeachtúil ó thaobh costas de. Léirigh an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín luach agus ríthábhacht staidéar a dhéanamh ar an stair chomh maith le foinisí a bheith ar fáil ina aitheasc ag seoladh an *Cambridge History of Ireland* ar an 30 Aibreán 2018 nuair a dúirt sé “Our history is the inheritance of all our people, its

interpretation a matter for all of us, and a republic worthy of the name would seek to organise the material of history to make it as accessible as possible to all the people.”

Forbraíonn an plean straitéiseach seo 2018–2022 ar Phlean Straiséiseach Forbartha an Choimisiúin a chuir plean oibre ar fáil d’fhorbairt CLÉ thar na cúig bliana seo caite (féach Torthaí 2012–2016) agus é curtha ar an eolas ag suirbhé páirtithe leasmhara ar líne arna comhlíonadh in Aibreán-Bealtaine 2018.

Cuireann Plean Forbartha 2018–2022 béim ar phríomhfheidhm CLÉ cosúil leis an bplean roimhe sin mar fhoilsitheoir bunfhoinsí fad is ag cur béim ar fhreagracht CLÉ as feacht instiúide agus phoiblí ar an ngá bunfhoinsí a chothabháil, a chatalógú agus a dhéanamh inrochtana cibé áit ina fhaightear iad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo siúd go léir a chuir le hullmhú an Phlean Straitéiseach Forbartha 2018–2022. Gabhann an Coimisiún buíochas ar leith do bhaill a Choiste Athbhreithnithe Straitéisigh: an Dr Cathy Hayes, an Dr Elva Johnston, an tOllamh Marian Lyons, an tUas. John McDonough, an tUas. Nicola Morris, an tOllamh Thomas O’Connor. Rinne an Dr Attracta Halpin, Cláráitheoir Ollscoil Náisiúnta na hÉireann a ghlac go fial le cuireadh gníomhú mar Chathaoirleach den Choiste cion tairbhe fíorluachmhar.

Ghlac an Coimisiún go foirmiúil leis an *Plean Forbartha Straitéisí 2018–2022* ar an 25 Meitheamh 2018.

John McCafferty
Cathaoirleach
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann



Ag féachaint ar aghaidh

Fís

Is é fís an CLÉ feasacht institiúide agus phoiblí agus rochtain ar ábhar foinse stairiúil, cultúir agus oidhreachta na hÉireann agus a muintir a chur chun cinn.

Freastalaíonn CLÉ go háirithe ar phobail acadúla agus oidhrecht chultúrtha agus tá sé tiomanta tacú le cuspóirí straitéiseacha an rialtais um oidhrecht chultúrtha náisiúnta.

Tosaíochtaí straitéiseacha 2018–2022

Forbraíonn an plean go sonrach ar Phlean Straitéiseach Forbartha 2012–2016 agus níos ginearálta ar an gcáil idirnáisiúnta gnóthaithe ag Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann thar bhreis agus go bliain ag foilsiú bunfhoinsí ar stair agus cultúr na hÉireann agus a muintir.

Tá na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas aitheanta do na cúig bliana seo chugainn:

- leathnóidh agus forbróidh CLÉ a ról a thuilleadh mar **phríomhfhoilsitheoir** ábhar bunfhoinse ar stair na hÉireann agus a muintir ag forbairt ar a cháil mar fhoilsitheoir ó 1928;
- forbróidh CLÉ a ról a thuilleadh mar **chomhpháirtí comhoibríoch** chun taise saibhir foinsí a sholáthar ar stair na hÉireann agus a muintir don phobal is mó is féidir;
- comhlíonfaidh CLÉ a chlár oibre mar **shainchomhairleoir** ar shaincheisteanna agus beartais a bhaineann le lámhscríbhinní, taifid stairiúla agus ábhair chultúrtha. Cuirfidh sé comhairle ar fáil don Rialtas do na hinstiúidí cultúrtha náisiúnta agus do chomhlachtaí agus institiúidí cultúrtha eile go forghníomhach agus go himoibríoch bunaithe ar chomhthaithe institiúide agus saineolas a mball aonair;



- mar **thionscnóir feasachta ar an ngá bunfhoinsí a chaomhnú forbróidh** CLÉ a straitéisí feasachta a thuilleadh. Cuirfidh sé spreagadh agus comhairle ar fáil d'institiúidí (poiblí agus príobháideach), don phobal gnó, do chomhlachtaí deonacha agus do dhaoine aonair maidir le taifid atá ina seilbh a chaomhnú cibé an taifid reatha nó neamhreatha iad;
- tá CLÉ tiomanta acmhainní digiteacha a tháirgeadh. Mar **abhcóide agus cleachóir digitithe** araon, cuirfidh CLÉ an dea-chleachtas idirnáisiúnta is fearr chun cinn, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh lena chuid foilsíúchán a dhigitiú, agus ábhair ó institiúidí cultúrtha na hÉireann a chur chun cinn maidir le tairsí agus taiscí oidhreacht cultúrtha mar Europeana agus Thaisclann Digiteach na hÉireann.

Mar fhoilsitheoir

Príomhfhoilsitheoir ábhar bhunfhoinse ar stair na hÉireann agus a muintir

Tá cáil ar an gCoimisiún go hidirnáisiúnta as cáilíocht a chuid foilsiúchán; tá gach foilsiúchán piarmheasúnaithe agus táirgithe do na caighdeáin scoláireachta is airde, ag cinntiú cáilíochta agus iontaofachta agus caomhnú fadtéarmach bunfhoinsí ar a bhfuil na heagrán seo bunaithe: ‘enlightened subvention, modest enough, has ensured that the Manuscripts Commission has shone like a beacon’ (*‘Textual healing’ — Times Literary Supplement, London, 8 Bealtaine 2009*).

Sa treimhse 2018–2022 leathnóidh agus forbróidh CLÉ a ról a thuilleadh mar fhoilsitheoir ábhar bunfhoinse ar stair na hÉireann agus a muintir, ag cur infreastruchtúr taighde ar fáil dóibh siúd atá i mbun taighde stairiúil ar fud an domhain.

Cuspóir

Iarrfaidh CLÉ an tosaíocht seo a bhaint amach le ceithre imleabhar ar an meán in aghaidh na bliana a fhoilsiú i gcló chomh maith le leaganacha leictreonacha a fhoilsiú.

Tá na gníomhaíochtaí seo a leanas ag teastáil chun an tosaíocht straitéiseach seo a bhaint amach.

Clár foilsiúcháin do 2018–2022

1. tá CLÉ tiomanta do chlár mór foilseoireachta de chúig ileagrán imleabhar agus fiche eagrán imleabhar aonair d’fhoinsí príomhúla (féach leathanach 11);
2. iarrfaidh CLÉ roinnt foinsí príomhúla nach bhfuil foilsithe cheana ag an CLÉ a fhoilsiú i bhformáid digiteach agus atá dar leis an gCoimisiún níos oiriúnaí d’fhoilsiú leictreonach;
3. iarrfaidh CLÉ comhoibriú le Cartlann Náisiúnta na hÉireann (CNÉ), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) agus Oifig na dTaifid Phoiblí Tuaisceart Éireann (OTPTÉ) le súil tabhairt faoi chomhthionscadail;

Deich mBliana na gCuimhneachán

4. ag leanúint ar aghaidh na Deich mBliana na gCuimhneachán tabharfaidh an CLÉ tosaíocht d’fhoinsí nua príomhúla a fhoilsiú don tréimhse 1918–1922 cibé mar dhoiciméid níos giorra nó eagrán saorsheasaimh;



Foinsíú ábhair le foilsíú

5. aithneoidh an CLÉ foinsí neamhfhoilsithe a bhfuil luach féideartha acu do lucht ginealaithe agus stairithe teaghlaigh le hiad a bhreithniú mar leaganacha CLÉ amach anseo;
6. gach bliain faigheann an CLÉ líon suntasach de mholtaí foilseoireachta. Leanfaidh sé ar aghaidh le moltaí a spreagadh le haghaidh foilsithe curtha isteach go neamhspleách ag scoláirí aonair agus baill den phobal;
7. aithneoidh an CLÉ bailiúcháin a ligeadh thart nó leochaileacha;
8. Díreoidh an CLÉ ar fhoinsí a bhaineann le teanga na Gaeilge a bhfuil tábhachtach ó thaobh na staire de.

Tosaíochtaí foilsitheoireachta a bhunú: meicníocht um rialú airgeadais

Ag cur srianta airgeadais san áireamh cuirfidh cathaoirleach an CLÉ liosta tionscadal faomhaithe, na dátaí ionchais chun iad a chríochnú agus na hachmhainní ar fáil le haghaidh costais foilseoireachta do gach cruinniú den Choiste Foilseoireachta agus Eagarthóireachta. I gcomhthéacs na tuarascála seo déanfaidh an Coiste Foilseoireachta agus Eagarthóireachta moltaí don Choimisiún ar thosaíochtaí foilsithe sa ghearrthéarma agus san fhadtearma.



Mar fhoilsitheoir

ar lean

Foilsíúcháin CLÉ a chur chun cinn

Coimeádfar gníomhaíochtaí deartha chun taca a chur faoi chur chun cinn foilsíúcháin CLÉ agus cáil CLÉ go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus déanfar gníomhaíochtaí nua a thionscnamh:

9. bainfidh CLÉ úsáid as meán craolta, cló agus na meán sóisialta chun foilsíúcháin CLÉ a chur chun cinn;
10. forbróidh CLÉ an straitéis mhargaíochta agus chumarsáide chun díriú ar scoláirí, lucht acadúla, cartlannaithe, leabharlannaithe, ginealeolaithe agus mic léinn staire agus cultúrtha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta chomh maith leis an bpobal léitheoireachta ghinearálta;
11. cuirfidh CLÉ straitéis le chéile chun díolacháin agus foilsíúcháin CLÉ a chur chun cinn i measc ball de stair áitiúil agus réigiúnach agus sochaithe ginealais;
12. dearbóidh CLÉ dearadh agus ábhar suíomh gréasáin an CLÉ a nuashonrú chun tacú leis na seirbhísí a tháirgeann sé go háirithe maidir le hábhar digiteach;
13. déanfaidh an CLÉ teagmháil le hollscoileanna agus ranna idirnáisiúnta a bhfuil spéis acu i stair na hÉireann agus a muintir chun feabhas a chur ar fheasacht fhoilsíúcháin an CLÉ;
14. méadóidh an CLÉ feasacht agus scaipeadh catalóg foilsíúcháin an CLÉ ar líne agus i gcló.





CLÁR FOILSIÚCHÁIN 2018–2022

EAGRÁIN IL-IMLEABHAR

- The 1641 depositions (eag. Aidan Clarke), na himleabhair fágtha go srathach ó 2018
- Books of Survey and Distribution (eagarthóirí David Brown agus Micheál Ó Siochrú), 5 imleabhar go comhuaineach (2019)
- Calendar of state papers, Ireland, Tudor Period, (eagarthóir ginearálta Nicholas Canny; eagarthóir imleabhar deiridh: Ciaran Brady) (2020)
- *Commentarius Rinuccinianus* (eag. James McGuire, aistriúche ag Gráinne McLaughlin et al.), 5 imleabhar go comhuaineach (2021)
- A calendar of Irish chancery letters c. 1244–1509 (eag. Peter Crooks), 4 imleabhar go comhuaineach (2022)

EAGRÁIN IMLEABHAIR-AONAIR

- *Poema de Hibernia*, a Jacobite Latin epic on the Williamite wars (eagarthóirí Padraig Lenihan agus Keith Sidwell) (2018)
- Calendar of entries in the Papal Registers relating to Great Britain and Ireland. Papal Letters, vol. XXIII, Part 1, 1523–1534, Clement VII, Lateran Registers (eagraithe le haghaidh foilsithe ag Alan Macquarrie) (2018)
- Documents relating to the Bogs Commissioners, 1809–1813 (eag. Arnold Horner) (2018)
- *Analecta Hibernica* No. 49 (2018)
- The letters of Katherine Conolly, 1707–1747 (eagarthóirí Marie-Louise Jennings agus Gabrielle Ashford) (2018)
- Mapping Ireland c. 1550–1636: a catalogue of manuscript maps of Ireland (eag. Annaleigh Margey) (2019)
- Irish religious censuses of the 1760s (eagarthóirí Brian Gurrin, Liam Kennedy agus Kerby Miller) (2019)
- The Act Book of the Diocese of Armagh, 1518–1522 (eag. John McCafferty) (2019)
- The diary (1689–1719) and accounts (1704–1717) of Élie Bouhéreau (eag. Amy Prendergast) (2019)
- Trustees report arising from the Act of Resumption 1701 (eagarthóirí C. Ivar McGrath agus Frances Nolan) (2019)
- *Analecta Hibernica* No. 50 (2019)
- Irish Jesuit Annual Letters, 1604–1674 (eag. Vera Moynes) (2019)
- British perspectives on the 1916 Rising (eag. Deirdre McMahon) (2020)
- Irish maritime trade in the Restoration era: the letterbook of William Hovell, 1683–1686 (eag. James O’Shea) (2020)
- Business in Ireland 1782–1860: records of business partnerships in the Registry of Deeds (eagarthóirí Sean Magee agus Máire Mac Conghail) (2020)
- *Analecta Hibernica* No. 51 (2020)
- Letters to and from internment camps in Ireland, 1920–1921 (eag. William Murphy) (2021)
- *Analecta Hibernica* No. 52 (2021)
- List of 1922 salvaged materials from the PROI (eag. John McDonough) (2022)
- *Analecta Hibernica* No. 53 (2022)

Mar chomhpháirtí comhoibríoch

Comhlacht saineolaithe ar chúrsaí ábhair is ea an CLÉ le heolas ar leith ar bhunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha. Léireoidh an CLÉ a ábharthacht leanúnach dá chroímhisean le tionscnaimh chomhoibríocha a fhorbairt.

Cuspóir

Bainfidh an CLÉ úsáid as an saineolas seo i gcomhoibriú le ach gan a bheith srianta d'institiúidí cultúrtha náisiúnta, comhlachtaí agus grúpaí gairmiúla, lucht oideachais, ranna agus gníomhaireachtaí ar mhaithe le buntaifid a úsáid agus a chur chun cinn.

Is iad na gníomhartha atá ag teastáil chun an cuspóir seo a bhaint amach ná:

15. forbróidh an CLÉ tionscadail agus comharaíochtaí ar leith — mar thionscadal ábhair fabhairte 1922 leis Cartlann Náisiúnta na hÉireann — ar mhaithe leis an taisece shaibhir foinsí staire na hÉireann agus a muintir a chur ar fáil don mhéid daoine is mó is féidir;
16. forbrófar agus fiosrófar comhpháirtithe ar leith trínar féidir taifid faoi riosca a fháil agus a chaomhnú don phobal;
17. tacú le tionscnaimh phróiseál bailiúchán ar leith, go háirithe nuair a bhíonn tábhacht na mbailiúchán aitheanta ar mhaithe le taighde nó cúrsaí staire;
18. úasmhéadófar rochtain ar a chuid foilsíochán féin trí bhailiúchán neamhfhoirmiúil de Thaisclann Digiteach na hÉireann (TDÉ) agus stóir Rochtana Oscailte eile;
19. fóraim agus teagmhais idirdhisciplíneacha a fhorbairt agus a chur chun cinn sa chás gur féidir leis mar fhoras neodrach an cuireadh do dháilcheantair éagsúla a thabhairt agus iad a chuimsiú.

AR DHEIS: Pléasc ag na Ceithre Cúirteanna 30 Meitheamh 1922 a scrios Oifig an Thaiifid Phoiblí (CCO)

AR DHEIS AR FAD: Iarsmí ghualaithe de rolla pháir ó phléasc 1922 (CNÉ)



Comhlíonfaidh CLÉ a chlár oibre mar sainchomhairleoir ar shaincheisteanna agus beartais a bhaineann le lámhscríbhinní, taifid stairiúla agus nithe cultúrtha eile.

Cuspóir

Méadóidh CLÉ an tosaíocht seo sa tréimhse 2018–2022 trí chomhairle a chur ar fáil don Rialtas, na hinstiúidí cultúrtha náisiúnta agus comhlachtaí agus instiúidí cultúrtha eile, bunaithe ar a chomhtháthí instiúideach agus saineolas a mball aonair.

Ag tabhairt comhairle

Tá na gníomhartha seo a leanas ag teastáil chun an tosaíocht straitéiseach seo a bhaint amach:

20. feidhmeoidh CLÉ a dhualgais reachtúla maidir le hAct na nInstitiúidí Cultúrtha Náisiúnta 1997 chun comhairle a thabhairt don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar ordú an Aire (alt 48, fo-ailt 3 agus 5) agus déanfaidh sé moltaí nuair is cuí leis an Aire (faoi fho-alt 6);
21. comhairleoidh an CLÉ Leabharlann Náisiúnta na hÉireann maidir le lámhscríbhinní a bhaineann le hÉirinn agus a muintir a fháil agus a fhoilsiú;
22. aithneoidh CLÉ saincheisteanna tábhachtacha inar féidir leis cabhrú le beartas a fhorbairt nó comhairle a thabhairt do lucht déanta beartas maidir leis an oidhreacht chultúrtha;
23. tabharfaidh an CLÉ comhairle eolasach don Rialtas agus nuair is cuí don Oireachtas maidir le taifid agus páipéir a oscailt, atá dúnta don phobal taighde, coimeádtha in instiúidí faoi rialú an stáit;
24. ag tarraingt ar a thaithí féin (féach **mar thionscnóir feasachta**) tabharfaidh an CLÉ comhairle ar an ngá le beartas náisiúnta maidir le taifid a chaomhnú, rochtain ar thaifid chaomhnaithe agus úsáid taifead ag lucht taighde, lucht oideachais agus an pobal go ginearálta.

Mar thionscnóir feasachta

Taifid a chaomhnú don todhchaí

Ar mhaithe le rochtain ar bhunfhoinsí de chineálacha éagsúla ar stair agus cultúr na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú agus ag aithint tábhacht comhoibrithe chun na haidhmeanna seo a bhaint amach forbróidh an CLÉ a thuilleadh a straitéisí feasachta, comhairle agus abhcóide i measc lucht gairme sa stair agus i ndisciplíní gaolmhara, cartlannaithe, institiúidí oideachais, cultúrtha agus gairme (ar nós cuallachtaí reiligiúnacha agus ospidéal), lucht gnó, caomhnóirí bailiúcháin phríobháideacha agus an pobal go ginearálta.

Cuspóir

Bainfidh CLÉ an tosaíocht seo amach trí leanúint ar aghaidh le spreagadh agus comhairle a chur ar fáil d'institiúidí (príobháideacha agus poiblí) agus do dhaoine aonair maidir le taifid ina seilbh a chaomhnú, pé acu reatha nó neamhreatha iad, trí abhcóide agus trí leanúint ar aghaidh le feasacht a ardú go bhfuil nó go mbeidh taifid den sórt sin ina mbunfhoinsí ar startha agus cultúir na hÉireann.

Ag ardú feasachta

Comhlíonfar na gníomhaíochtaí seo a leanas chun an tosaíocht straitéiseach seo a bhaint amach:

25. leanfaidh an Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana (CCFR) coinneáil i dteagmháil le comhlachtaí reachtúla cosúla (lena n-áirítear an CNÉ; cartlannaithe cathrach agus contae; Cumann Taifead agus Chartlann, Éire; an Grúpa Cartlannaithe de chuid Údarás Áitiúil); nuair is féidir cuirfidh sé le comhfheasacht, tionscnaimh rochtana agus abhcóide agus le beartas náisiúnta a fhorbairt. Leanfaidh an Coiste ag cur eolas ar fáil agus tabharfaidh sé comhairle maidir le taifid a chaomhnú (go háirithe taifid ghnó agus taifid agus páipéir chomhlachtaí deonacha) trí na Ceisteanna Coitianta (rannán CCanna) ar shuíomh gréasáin an CLÉ a leathnú. Leanfaidh sé ag cur naisc leanúnacha ar fáil do shaininstitiúidí agus cuirfidh sé le himeacht a eagrú chun saincheisteanna maidir le cúrsaí rochtana a iniúchadh. Leanfaidh an CCFR ag tuairisciú le CLÉ dhá uair sa bhliain;
26. beidh an CLÉ rannpháirteach i dtionscnaimh áirithe um chaomhnú cartlainne agus rochtana ar nós tionscadail ábhair fabhairte i gcomhar le CNÉ;
27. leanfaidh an CLÉ le páirt a ghlacadh in Oíche Chultúir (a reachtáltar gach bliain i mí Mheán Fómhair) chun (a) obair agus foilsiúcháin an CLÉ a chur ar taispeáint agus (b) béim a chur ar an ábharthacht agus an luach a bhaineann le taifid de gach cineál a chaomhnú;
28. eagróidh an CLÉ imeacht timpeall Léacht Eoin Mac Néill a léiríonn an chaoi a dtógann stairithe eolas ó bhunfhoinsí nó a mbaineann siad ciall astu agus cuireann siad béim ar an tábhacht a bhaineann le hábhair bhunfhoinse a chaomhnú.

Mar thacadóir do thionscnaimh digiteacha



Plean Forbartha
Straitéisí
2018–2022

Dea-chleachtas in acmhainní digiteacha a tháirgeadh


Tá rochtain ar dhoiciméid stairiúla chomh maith leis an tionchar ar an úsáideoir athraithe ó bhun mar thoradh ar dhigitiú ábhair bhunfhoinsé agus iad a bheith ar fáil ar líne. Cabhraíonn an obair seo le pobal scoláireachta idirnáisiúnta a chothú i dteagmháil leis an bpobal trí thionscadail suaitheanta dírithe ó thréimse na meánaoiseanna go dtí stair an lae inniu. Chomh maith leis sin chabhraigh an méid tairsí sainiúil don ábhar atá tagtha chun cinn (mar shampla ríomhchoidéacsanna, an Ghailís) scaipeadh doiciméad ón am atá thart go pobal níos leithne.



Tá CLÉ tiomanta tacú le hábhair bhunfhoinsé a dhigitiú agus iad a chur chun cinn nuair is ábhartha agus inbhuanaithe de réir caighdeáin dea-chleachtais idirnáisiúnta. Fad is atá foilsiú i gcló mar chroíghníomhaíocht den Choimisiún fós leanfar ar aghaidh leis seo in éineacht le tionscnaimh digiteacha rud a chabhróidh leis an tionchar atá ag foilsiúcháin agus tionscadail an CLÉ a bhreisiú.

Cuspóir

Ag tógáil ar an bplean deiridh straitéiseach aige (2012–2016) tá an cuspóir reatha agus fadtéarmach seo a leanas aitheanta ag an CLÉ.



Leanfaidh an CLÉ leis na heagráin as cló den Choimisiún a chur ar fáil i bhformáid digiteach inchuartaithe, ag breisiú rochtain ar chláir na n-ábhar agus ag cur dea-chleachtais i bhfoilseoireacht ar líne chun cinn rud a chinntíonn rialú cáilíochta agus ailíniú le caighdeáin idirnáisiúnta.

Ag méadú éifeacht digiteach an CLÉ

Tá na gníomhartha seo a leanas aitheanta ag an CLÉ mar lárnach chun a chuspóirí um tacú le digitiú sa tréimhse 2018–2022 a bhaint amach:

29. cuirfidh CLÉ, mar chomhpháirtí, le tionscadal digiteacha lena mbaineann bunfhoinsí móra, rud atá lárnach do chláir oibre an CLÉ ar nós an tionscadal Beyond 2022: Ireland's Virtual Record Treasury;
30. breiseoidh an CLÉ éifeacht luacha agus scaipeadh acmhainní digiteacha an Choimisiúin trí chomhpháirtíocht le hinstitiúidí tríú leibhéal agus le TDÉ;
31. coinneoidh an CLÉ le digitiú leanúnach ar bhun bliantúil d'eagráin CLÉ ar fáil i gcló cheana;



Mar thacadóir do thionscnaimh digiteacha

ar lean


32. cuirfidh an CLÉ úsáid prótacail digitithe a chomhlíonann le dea-chleachtas idirnáisiúnta;
33. aithneoidh an CLÉ comhpháirtithe do thionscadail tábhachtacha digitithe a mhéadóidh éifeacht agus feasacht bunfhoinisí na hÉireann;
34. cinnteoidh an CLÉ caomhnú agus rochtain oscailte ar eagráin as cló trí bhallaíocht de TDÉ;
35. cuirfidh eagráin CLÉ as cló PDFanna in-íoslódáilte ar fáil;
36. breisigh comhoibriú le hinstitiúidí tríú leibhéal ag cumasú úsáid acmhainní Eagráin Digiteacha CLÉ mar thacaíochtaí oideolaíochta do mhic léinn, ag méadú a thuilleadh an éifeacht obair an Choimisiúin agus ag cur feasachta ar bhunfhoinisí chun cinn do stair na hÉireann.

Baineadh amach na torthaí seo a leanas sa tréimhse clúdaithe ag an bPlean Straitéiseach Forbartha 2012–2016.

Foilsíocháin:

D'fhoilsigh an CLÉ an dá eagrán is fiche seo a leanas i 30 imleabhar sa tréimhse 2012–2016:

- Arrangements for the integration of Irish immigrants in England and Wales (le A. E. C. W. Spencer, eag. M. E. Daly)
- Infanticide in the Irish Crown Files at Assizes, 1883–1900 (eag. E. Farrell)
- The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–1921 (eagarthóirí L. Kennedy agus C. Murphy)
- *Analecta Hibernica* No. 43 (eag. J. Kelly)
- The register of St Saviour's Chantry of Waterford (eag. N. Byrne le M. Byrne, ullmhaithe d'fhoilsiú ag K. W. Nicholls)
- Verse travesty in restoration Ireland: *Purgatorium Hibernicum*' le 'The Fingallian Travesty' (eag. A. Carpenter)
- The letterbook of Richard Hare, Cork merchant, 1771–1772 (eag. James O'Shea)
- Letterbook of George, 16th earl of Kildare (eagarthóirí A. Clarke agus B. McGrath)
- Great Parchment Book of Waterford (eag. N. Byrne), athchló i mbogchlúdach
- *Analecta Hibernica* No. 44 (eag. J. Kelly)
- The Proclamations of Ireland, 1660–1820, i 5 imleabhar (eagarthóirí J. Kelly le M. Lyons)
- 1641 Depositions, imleabhair I, II agus III (eag. A. Clarke)
- Campaign journals of the Elizabethan Irish wars (eag. D. Edwards)
- *Analecta Hibernica* No. 45 (eag. J. Kelly)
- Calendar of State Papers Ireland, Tudor period, 1547–1553 (eag. Colm Lennon)
- The correspondence of James Ussher, 1600–1656, i 3 imleabhar (eag. E. Boran)
- Early Stuart Irish warrants, 1623–1639: the Falkland and Wentworth administrations (eag. M. Empey)
- *Analecta Hibernica* No. 46 (eag. J. Kelly)
- The Acts of James II's Irish parliament of 1689 (eagarthóirí J. Bergin agus A. Lyall)
- 'Reform' treatises on Tudor Ireland, 1537–1599 (eag. D. Heffernan)
- Eoin MacNeill: memoir of a revolutionary scholar (eag. B. Hughes)
- *Analecta Hibernica* No. 47 (eag. J. Kelly)



Torthaí 2012–2016

ar lean

Tionscadail ardiomrá:

Lean an CLÉ le bheith tiomanta do chúig thionscadal ardiomrá sa tréimhse 2012–2016:

- *Commentarius Rinuccinianus* — ag foilsiú don chéad uair aistriúchán iomlán Béarla den *Commentarius* ina iomláine, bunfhoilsithe sa Laidin amháin;
- *Historia* — ag bunú téacs agus ag foilsiú don chéad uair tras-scríobh ón lámhscríbhinn Laidine agus aistriúchán iomlán i mBéarla d’fhoinsé mhór ach foinsé nach bhfuil eolas ag daoine fúithi don seachtú aois déag in Éirinn;
- 1641 teistíocht — ag foilsiú leagan cló go hiomlán curtha in eagar ó chontae go contae de theistíochtaí comhaimseartha tógtha tar éis naimhdeas a bhriseadh amach in Éirinn i bhFómhair 1641;
- Irish chancery letters c. 1244–1509 — ag foilsiú ileagrán mór bunaithe ar an tionscadal ar líne de chuid Choláiste na Tríonóide Bhaile Átha Cliath;
- Books of Survey & Distribution — i gcomhar le tionscadal Suirbhé an Dúin bunaithe ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag foilsiú eagrán cló den chnuasach iomlán d’imleabhair lámhscríbhinne in éineacht leis an eagrán ar líne ina bhfuil íomhánna de chomhéadan cuardaigh.

Faomhaithe foilsiúcháin: Ag tús 2018 bhí 38 tionscadal faomhaithe go foirmiúil le foilsiú ag an CLÉ.

Moltaí nua: Lean aighneachtaí um moltaí foilsithe d’eagrán CLÉ ag fás sa tréimhse 2012–2016.

Mórsraithanna foilsithe: I 2014 foilsíodh dhá mhóreagrán, eadhon an saothar cúig imleabhar curtha in eagar ag James Kelly le Marian Lyons dar teideal *The Proclamations of Ireland, 1660–1820* agus an chéad trí imleabhar den tsraith 12-imleabhar de Theistíochtaí 1641. Úsáideadh an tsraith céadluaite ag an Tionscadal um Leasú an Dlí Reachtuil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina chuid oibre chun reachtanna as dáta a aithint agus a bhaint.

Oíche Chultúir: Ó Mheán Fómhair 2008 tá an CLÉ rannpháirteach go díograsach san Oíche Chultúir. Taispeántar samplaí do chuariteoirí d’fhoilsiúcháin CLÉ, bíonn léacht gearr ar fáil dóibh ar gníomhaíochtaí an CLÉ agus tá spreagadh feasachta cartlann mar chuid de.

Seoltaí: Idir 2012 agus 2016 réachtáil an CLÉ deich seoladh ceithre díobh a bhí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, dhá sheoladh i gCorcaigh agus ceann amháin i bPort Láirge agus Béal Feirste.

Europeana: Ó 2012 go 2015 lean an CLÉ ag gníomhú mar chomhbhailitheoir d’ábhar digiteach don tairseach Europeana. I 2012 chuir an CLÉ an tairseach Europeana chun cinn go gníomhach d’institiúidí cultúrtha Éireannacha ach freisin do lucht forbartha sna tionscail chruthaitheacha. In Eanáir 2012 d’óstáil an CLÉ ceardlann ar an gComhaontas um Malartú Sonraí Europeana d’institiúidí oidhreachta cultúrtha ag cur ábhar ar fáil don tairseach. Go déanach i 2012 d’eagraigh





an CLÉ haiceatón dírithe ar fhorbróirí ábhar ag úsáid na sonraí in Europeana chun feidhmchláir núíosach a chruthú.

Léacht Eoin Mac Néill: le linn na tréimhse 2012 go 2016 tugadh dhá léacht Mac Néill I 2012 thug an tOllamh Emeritus Eamon Duffy, Ollamh na Críostaíochta ag Coláiste Magdelene, Cambridge an léacht tionscnaimh. Ba é ‘The Reformation and the Grand Narrative: the archive and the writing of the English Reformation’ teideal an léachta agus foilsíodh é i bfoirm phaimfléid i 2013. I 2015 thug an tOllamh Robert Darnton leabharlannaí Ollscoil Harvard ag an am, an dara léacht Mac Néill ar an téama ‘A literary Tour de France, 1778: from archives to the internet’.

Tóstal Éireann 2013: Mar chuid dá chlár oibre chun rochtain ar ábhair chun stair, cultúr agus oidhreacht na hÉireann agus a muintir a chur chun cinn bhronn an CLÉ cóipeanna de chúig fhoilsiúchán ar an seacht seirbhís cartlainne déag ar fad in Eanáir 2013. Is iad na teidil seo a leanas a bronnadh: *The Convert Rolls—the calendar of the Convert Rolls, 1703–1838*, dara Eagrán, curtha in eagar ag Eileen O’Byrne agus Anne Chamney le Fr Wallace Clare’s annotated list of converts 1703–78; *The census of Elphin, 1749*, curtha in eagar ag Marie-Louise Legg; *A Census of Ireland circa 1659 with essential materials from the Poll Money Ordinances, 1660–1661*, curtha in eagar ag Séamus Pender le réamhrá nua le William J. Smyth; *Court of Claims: Submissions and Evidence, 1663*, curtha in eagar ag Geraldine Tallon; agus *The Irish Commission of 1622. An investigation of the Irish Administration, 1615–22, and its consequences, 1623–24*, curtha in eagar ag Victor Treadwell. Saothair thagartha fíorluachmhara is ea na foilsiúcháin seo do sheirbhísí staidéir áitiúla agus do thaighdeoirí stair theaghlaigh.

Cartlann Acmhainní na hÉireann (CAÉ): Chuir agus cuireann an CLÉ rochtain ar fhoinsí cartlainne chun cinn trí thacaíocht leanúnach a thabhairt d’obair CAÉ. Tá an CLÉ á ionadú ar Choiste Stiúrtha CAÉ a iarrann an tairseach seolta i 2011 a chothú agus a fhorbairt inar féidir rochtain ar a lán de na bailiúcháin seirbhísí cartlainne níos lú ar fud na hÉireann.

Sócmhainní digiteacha: Le linn na tréimhse 2012–2016 dhigitigh an CLÉ 77 n-eagrán as cló agus chuir bunachar sonraí inchuadaithe ar líne d’ábhair eagrán 2012 ar fáil *The account books of the Franciscan House, Broad Lane, Cork, 1764–1921*, curtha in eagar ag L. Kennedy agus C. Murphy. Críochnaídh an chéad chéim de thionscadal na Books of Survey and Distribution go luath i 2016 agus tugadh cóip de na hómhánna digiteacha ardaifeach de na 20 imleabhar lámhscríbhinne go foirmiúil do Stiúrthóir Chartlann Náisiúnta na hÉireann i Meán Fómhair 2016.

Deich mBlia na gCuimhneachán: foilsíodh dhá eagrán atá mar chuid den chlár eagrán chuimhniúchán CLÉ i 2016 — *Analecta Hibernica* No. 47, curtha in eagar ag James Kelly agus, Eoin MacNeill, *memoir of a revolutionary scholar*, curtha in eagar ag Brian Hughes.



Cairt eagraíochta

Sa léaráid seo a leanas tá mionsonraí de phearsanra agus eagrú Choimisiúin Lámhscríbhinní na hÉireann ó Aibreán 2018.

COIMISIÚN LÁMHSCRÍBHINNÍ NA HÉIREANN

Baill

John McCafferty, COBÁC, CATHAOIRLEACH

Ciara Breathnach, OLLSCOIL LUIMNIGH

Liam Chambers,
COLÁISTE MHUIRE GAN SMÁL

Sandra Collins,
LEABHARLANN NÁISIUNTA na hÉIREANN

Patrick Geoghegan,
COLÁISTE na TRÍONÓIDE, BÁC

David Hayton, OLLSCOIL na BANRÍONA
BÉAL FEIRSTE/OLLSCOIL ULAI DH

Alvin Jackson,
OLLSCOIL DHÚN ÉIDEANN

Elva Johnston, COBÁC

James Kelly,
OLLSCOIL CHATHAIR BÁC

Marian Lyons,
OLLSCOIL MHAIGH NUAD

Máire Mac Conghail

John McDonough,
CARTLANN NÁISIUNTA na hÉIREANN

Kate Manning, COBÁC

Hiram Morgan,
COLÁISTE na HOLLSCOILE CORCAIGH

Nicola Morris

Thomas O'Connor,
OLLSCOIL MHAIGH NUAD

Dáibhí Ó Cróinín, OÉ GAILLIMH

Mary O'Dowd,
OLLSCOIL na BANRÍONA BÉAL FEIRSTE

Jane Ohlmeyer,
COLÁISTE na TRÍONÓIDE, BÁC

Michael Willis,
OIFIC na dTAIFEAD POIBLÍ TUAISCEART
na hÉIREANN

Analecta Hibernica

Curtha in eagar ag
James Kelly

Baill Óinigh

Louis Cullen,
OLLAMH EMERITUS AR STAIR na
hÉIREANN, COLÁISTE na
TRÍONÓIDE, BÁC

Brian Trainor,
IARSTIÚRTHÓIR, OPTÉ AGUS
IARSTIÚRTHÓIR FONDÚIREACHT
STAIRIÚIL ULAI DH

BUANCHOISTE EAGARTHÓIREACHTA AGUS FOILSIÚCHÁN

John McCafferty

Ciara Breathnach

Alvin Jackson

James Kelly

Máire Mac Conghail

Nicola Morris

Dáibhí Ó Cróinín

Mary O'Dowd

Jane Ohlmeyer

An Coiste Caomhnaithe agus Feasachta Rochtana

Máire Mac Conghail

Marian Lyons

Kate Manning

Mary O'Dowd

Riarthóir

Cathy Hayes

KEEP IN TOUCH



Find us on Facebook



Follow us on Twitter



Log onto our website
www.irishmanuscripts.ie

The Irish Manuscripts Commission is funded by
the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

Irish Manuscripts Commission
45 Merrion Square
Dublin 2, D02 VY60, Ireland

www.irishmanuscripts.ie

Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann
45 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2, D02 VY60, Éire